Clár

Solas don Bheatha	3
Foinsí Solais	4
Solas ag Preabadh agus ag Lúbadh	11
Ag Déanamh Scáileanna	15
Solas agus Dath	18
Gluais	23
Innnéacs	24



Solas don Bheatha

Féach thart ort. Cad a fheiceann tú? Cairde ag gáire? Solas na gréine? Dathanna áille? Na focail ar an leathanach seo? Anois samhlaigh domhan gan solas. Cad a bheadh le feiceáil agat? Dada! Tá solas de dhíth ort le feiceáil.

Chomh maith le háilleacht a chur sa domhan, tá solas de dhíth ar gach ní beo. Gan solas, ní fhásann plandaí. Agus gan phlandaí, ní bheadh bia ag ainmhithe ná ag daoine.

Foinsí Solais

Is saghas fuinnimh é solas. Cabhraíonn sé linn daoine agus rudaí a fheiceáil. Ní ligeann a lán rudaí solas uathu. Ní fheiceann tú iad ach amháin nuair a phreabann solas as foinse eile orthu agus isteach i do shúile.

Solas Nádúrtha

Is **foinse solais** é aon rud a ligeann solas uaidh. Tagann solas ó chuid mhór foinsí éagsúla. Tá roinnt foinsí solais nádúrtha ann, mar an ghrian agus réaltaí eile.

Tagann a lán den solas ar an domhan ón ngrian, an réalta is cóngaraí dúinn. Is í an ghrian an fhoinse solais agus teasa is tábhachtaí dúinn. Gan solas na gréine, bheadh an domhan ina áit fhuar dhorcha. Ní thiocfadh le haon rud bheith beo anseo.

Bí Cúramach!

Ná féach ar an ngrian go díreach choíche, fiú má tá spéaclaí gréine ort. D'fhéadfá do shúile a ghortú go holc nó fiú amháin éirí dall!

Is liathróid mhór lán de gháis an-te í an ghrian. Ligeann an ghrian méideanna móra teasa agus solais uaithi.